Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15525/23**

**COH 88**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An beartas comhtháthaithe agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh<br>= Seisiún tuairimíochta |

Ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta arna thiomnú don bheartas comhtháthaithe an 30 Samhain 2023, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí sin atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe plé a dhéanamh ar cé mar is féidir leis an mbeartas comhtháthaithe rannchuidiú le cothú cheannasacht agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh.

**<u>Iarscríbhinn</u>**

**Páipéar cúlra**

**don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta arna thiomnú don bheartas comhtháthaithe**

**'An beartas comhtháthaithe agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh'**

Tá an-tairbhe bainte ag an Aontas Eorpach as an oscailteacht idirnáisiúnta le deich mbliana agus trí fichid anuas; chuir sé ar chumas an Aontais leibhéal fáis eacnamaíoch agus leasa shóisialta a bhaint amach. Ní éireodh leis é sin a dhéanamh dá mbeadh an chaomhnaitheacht i réim nó dá mba hAontas le líon níos lú Ballstát a bhí ann.

Mar sin féin, tá an oscailteacht idirnáisiúnta tar éis **próisis athlonnaithe** a éascú freisin, rud a d'fhág gur chailleamar sciar den mhargadh in earnálacha straitéiseacha agus a d'fhág go bhfuilimid **ag brath go rómhór ar thríú tíortha** i réimsí éagsúla, mar shampla, fuinneamh, soláthairtí sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha nó bia.

Ag an am céanna, mar thoradh ar bheartas iomaíochta an Aontais Eorpaigh, ar thóir na dlúthpháirtíochta agus ar chomhionannas deiseanna i leithdháileadh na cabhrach poiblí agus na n-acmhainní poiblí, tharla **nach raibh cuideachtaí móra san Aontas in ann dul in iomaíocht, ar théarmaí comhionanna, le mórchuideachtaí idirnáisiúnta**, ar minic cabhair á fáil acu ó na stáit ina bhfuil siad lonnaithe.

Léiríonn athruithe geopholaitiúla, teicneolaíocha agus comhshaoil an lae inniu nach mór dúinn gníomhú i gcoinne na treochta sin. Ag an am céanna, tugann na hathruithe sin deis dúinn infheistíocht a dhéanamh, gnólachtaí agus poist nua a mhealladh chuig an Eoraip, rachmas a ghiniúint agus ár gcuid leochaileachtaí seachtracha a laghdú. Tugadh an méid sin ar fad chun suntais i bhfianaise na géarchéime fuinnimh, soláthair amhábhar agus boilscithe atá ann mar thoradh ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, i bhfianaise an bhaoil go mbeidh géarchéim ola ann i ngeall ar an gcoinbhleacht reatha idir Iosrael agus an Phalaistín, ach freisin i bhfianaise géarchéimeanna soláthair eile a bhí ann roimhe seo a raibh briseadh sna slabhraí luacha idirnáisiúnta mar thoradh orthu.

Is tábhachtaí ná riamh, dá bhrí sin, **go mbeidh an tAontas Eorpach in ann creatlach thionsclaíoch láidir athléimneach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt**, rud a chuirfidh ar a chumas **ceannasacht an Aontais a chosaint agus an uathriail a mhéadú** i gcás ina bhféadfadh an éagobhsaíocht idirnáisiúnta éagobhsaíocht a ghiniúint freisin sna margaí. Chuige sin, ní mór don Aontas a áirithiú i ndáil le cuideachtaí móra in earnálacha straitéiseacha, go bhfanfaidh siad ar thalamh na hEorpa ionas go mbeidh siad in ann earraí agus seirbhísí a sheachadadh atá riachtanach don todhchaí agus poist straitéiseacha, ardcháilíochta agus ard-bhreisluacha a chruthú.

Níl aon amhras ach gur **minic an fhorbairt thionsclaíoch ina hionstraim don fhorbairt chríochach agus réigiúnach, forbairt arb í is príomhchuspóir don Bheartas Comhtháthaithe**, mar a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE. Go deimhin, tá earnáil na tionsclaíochta, mar ghineadóir gníomhaíochta eacnamaíche agus fostaíochta, in ann treochtaí dí-logánaithe a aisiompú, bíodh sé sin idir réigiúin laistigh den Aontas nó idir réigiúin níos faide i gcéin. Thairis sin, is ag na cuideachtaí móra atá an acmhainn is fearr poist a chruthú, infheistíocht a dhéanamh sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht, dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus iad ina gceann feadhna don fhorbairt sna réigiúin ina bhfuil siad bunaithe agus na réigiúin máguaird tríd an éileamh atá acu ar earraí agus seirbhísí idirmheánacha. Dá réir sin, ach cuideachtaí móra a bheith i mbun forbairt thionsclaíoch sna hearnálacha straitéiseacha, agus iad á dtacú ó chistí an bheartais comhtháthaithe, **b'fhearrde cáilíocht saoil na saoránach, b'airde na rátaí cruthaithe post agus b'fhearr ceannasacht an Aontais, rud a chruthódh éifeacht iarmhartach freisin ar** ghníomhaíochtaí **uile an Aontais Eorpaigh**. Rannchuideodh sé sin freisin le feabhas a chur ar athléimneacht na ngeilleagar réigiúnach, trí acmhainneacht na táirgeachta tionsclaíche agus slabhraí luacha a fhorbairt a bheadh slán i bhfad na haimsire.

**Tá ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe chuige sin toisc gur féidir leis rannchuidiú leis an uathriail straitéiseach agus le cosaint cheannasacht an Aontais trí chistí an bheartais**. Dá bhrí sin, rannchuideodh forbairt na n-earnálacha straitéiseacha sin, arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe nó an Ciste um Aistriú Cóir le forbairt gach réigiúin de chuid an Aontais agus leis an Aontas ina iomláine.

Sa chomhthéacs sin, **d'fhéadfaí gnó i dtionscal iomaíoch a mhaoiniú ón mbeartas comhtháthaithe, tionscal ba chumas dó gníomhú i margaí móra idirnáisiúnta**.

Ní leor tionscal Eorpach a fhorbairt; ní mór tionscal Eorpach a fhorbairt a bheidh **in ann dul in iomaíocht le hollchuideachtaí idirnáisiúnta i dtíortha eile, mar shampla na Stáit Aontaithe nó an tSín**. Chuige sin, ní mór dúinn a bheith in ann leas a bhaint as an mbeartas comhtháthaithe ionas go bhfanfaidh na cuideachtaí móra in earnálacha straitéiseacha ar thalamh na hEorpa, rud a rannchuideoidh freisin leis an éagothromaíocht réigiúnach a laghdú.

Chuirfeadh an méid sin ar chumas an Aontais **a spleáchas seachtrach a laghdú ar** theicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a chur in ionad na n-amhábhar nó na n-earnálacha sin nach bhfuil aon bhuntáiste iomaíoch ag an Aontas iontu. Sampla de seo b'fhéidir is ea na foinsí fuinnimh sin ar mó an truailliú uathu. D'fhéadfadh sé freisin **cabhrú le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as aon chliseadh a tharlódh sna slabhraí luacha idirnáisiúnta** i ngeall ar choinbhleacht nó teannas idirnáisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh an beartas cabhrú **leis na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide a ghleic** trí thionscal a neartú, tionscal a bheadh dírithe ar earnálacha níos glaine agus ar lú na hastaíochtaí gás ceaptha teasa astu. Ar deireadh, is cinnte go gcabhródh sé le **poist ardoilte, ardtáirgiúlacht imeallach agus ardphá a ghiniúint**, rud a chuirfeadh, i ndeireadh na dála, feabhas ar cháilíocht saoil na saoránach.

I bhfianaise an mhéid thuas, ba mhaith linn an deis a thapú chun machnamh a dhéanamh ar an gceist a leanas ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta seo um Chomhtháthú:

> ***Cé mar is féidir leis an mbeartas comhtháthaithe rannchuidiú le ceannasacht agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh a chothú, tráth ar riachtanaí ná riamh é borradh a chur faoi iomaíochas idirnáisiúnta ár gcuideachtaí móra sna hearnálacha straitéiseacha, ar mhaithe le dlús a chur faoin cruthú post agus rachmais i ngach réigiún den Aontas Eorpach?***